



Coláiste Aonad Bainistíochta	Acmhainní Daonna UCD, SIRC, Seirbhísí Dlí, Athrú & Claochlú
Scoil Aonad	Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin & Comhlíonta (SIRC)
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair (más ábhartha)	Príomhoifigeach Riosca Eatramhach
Tréimhse an Phoist	Téarma Seasta, 6 mhí
Grád	Oifigeach Riaracháin Sinsearach II
Scála Tuarastail	€112,235- €150,022
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Dlí, Rialachas & Comhlíonadh – Leibhéal Gairme 8
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	
Bainisteoir Líne	Príomhoifigeach Daoine agus Stiúrthóir SIRC, Seirbhísí Dlí, Athrú & Claochlú
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019929
Riarthóir Acmhainní Daonna	Jagoda Wychowaniak
Costais Athlonnaithe	Ní bhaineann
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	Ní bhaineann
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	Níl

Achoimre ar an bPost:

Is mian le UCD Príomhoifigeach Riosca eatramhach a cheapadh chun creat bainistíochta riosca fiontraíochta solúbtha agus nuálach a athbhreithniú, a fhorbairt tuilleadh, agus a leabú le linn tréimhse atheagrúcháin agus claochlaithe.

Tuairisceoidh sealbhóir an phoist go díreach chuig an bPríomhoifigeach Daoine agus Stiúrthóir SIRC, Seirbhísí Dlí, Athrú & Claochlú agus tuairisceofar go díreach chuig Coiste Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca na hOllscoile.

Beidh sealbhóir an phoist i gceannas ar thionscnamh cuimsitheach chun an creat bainistíochta riosca atá ann cheana a mheas agus a fheabhsú. Ina theannta sin, beidh siad freagrach as córas bainistíochta riosca fiontraíochta a chomhtháthú go domhain ar fud na hOllscoile, ag cinntiú gur féidir leis an eagraíocht a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe.

Cuirfidh sealbhóir an phoist cultúr bainistíochta riosca comhtháite príomhshrutha chun cinn do phobal na hOllscoile agus cuirfidh siad dea-chleachtais chun cinn chun leasa na hOllscoile ar fad. Agus iad ag obair i gcomhar le chéile, cuirfidh siad comhpháirtithe agus geallsealbhóirí éagsúla i mbun oibre agus cuirfidh siad oiliúint orthu chun tionscnaimh thábhachtacha a chur i bhfeidhm agus chun turas feabhsúcháin leanúnaigh a chur chun cinn.

Beidh sealbhóir an phoist freagrach as:

- Leanúnachas cleachtais agus oibríochtaí a chinntiú ar fud chreat bainistíochta riosca UCD le linn na hidirthréimhse idir imeacht an Príomhoifigigh Riosca reatha agus athstruchtúrú níos leithne phunann SIRC, rud a dheimhneoidh don Fhoireann Bainistíochta Ollscoile (UMT), don Údarás Rialaithe, agus don Choiste Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca nach mbeidh aon tionchar diúltach ag creatlacha rialaithe inmheánaigh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat reatha bainistíochta riosca, ag cinntiú go bhfuil an creat oiriúnach don chuspóir agus go bhfuil sé ag comhlíonadh ionchais Údarás Rialaithe na hOllscoile.

- Maoirseacht a dhéanamh ar rolladh amach bogearraí nua bainistíochta riosca.
- Tuilleadh leabú agus príomhshruthú a dhéanamh ar an gCreat Bainistíochta Riosca ar fud na hOllscoile.
- Ceannaireacht dhíreach a sholáthar i seachadadh seirbhísí do gheallsealbhóirí atá páirteach i bpleanáil straitéiseach agus i bhforbairt tionscadal ar leibhéal an fhiontair.
- Rioscaí reatha agus atá ag teacht chun cinn agus ceanglais chomhlíonta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibríochtaí na hOllscoile agus ar sholáthar seirbhísí do gheallsealbhóirí a aithint, agus straitéis a dhearadh chun déileáil leis an méid sin.
- Déileáil leis na hÚdaráis Inniúla agus na Comhlachtaí Reachtúla éagsúla a gcaithfidh UCD idirghníomhú leo mar Ollscoil mhór de réir mar is gá.
- Oibriú éifeachtach Choiste Comhairleach um Bainistíocht Riosca a chinntiú.

Beifear ag súil go dtabharfaidh an Príomhoifigeach Riosca comhairle do na leibhéil is sinsearaí san Ollscoil maidir le cúrsaí riosca agus go nglacfaidh siad ceannasaíocht maidir le réitigh nuálacha a fhorbairt ar dhúshlán bainistíochta riosca.

Beidh dlúthoibriú leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca, le Ceannairí Aonaid, le Ceannairí Scoileanna agus leis an mBainistíocht Shinsearach i gceist leis an ról maidir le saincheisteanna atá ag gabháil dóibh.

Beidh ar shealbhóir an phoist a bheith in ann oibriú go neamhspleách agus ar leibhéal straitéiseach, caidrimh oibre comhoibríocha ardleibhéil a chothú agus caighdeán dhiana a chomhlíonadh.

Beidh ardscoileanna bainistíochta, ceannaireachta agus teicniúla ag sealbhóir an phoist, mar aon le cumas cruthaithe chun comhpháirtíochtaí láidre a chothú le geallsealbhóirí tábhachtacha laistigh agus lasmuigh den Ollscoil. Éilíonn an ról seo comhoibriú éifeachtach ar fud gach leibhéal sinsearachta, suas go dtí agus lena n-áirítear baill den Fhoireann Bainistíochta Ollscoile (UMT), an tÚdarás Rialaithe, agus an Coiste Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca.